

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AN CHOISTE  
a ceapadh le Monatóireacht a dhéanamh  
ar Éifeachtacht an

CHLÁIR  
ATHSTIÚRTHA



Tá cóipeanna den tuarascáil seo ar fáil ar Láithreán Gréasáin an Gharda [www.garda.ie](http://www.garda.ie)  
agus

**ó Oifig Náisiúnta na nÓgchiontóirí**

Cearnóg Fhearchair, Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Teil: 01-666 3831/2/3/4. Faics: 01-666 3827. Ríomhphost: [agecard@iol.ie](mailto:agecard@iol.ie)

## CLÁR

Réamhrá ón gCoimisinéir Cúnta Louis Harkin	5
Achoimre Feidhmiúcháin	6
Ballraíocht agus Téarmaí Tagartha	7
An Clár Athstíúrtha	8
Uimhir na n-atreoruithe chuig an gClár Athstíúrtha	9
Uimhir na bpáistí a atreoraíodh chuig an gClár Athstíúrtha	11
Uimhir na bpáistí a atreoraíodh de réir inscne, réigiúin agus roinne	13
Rabhaidh Fhoirmeálta agus Neamhfhoirmeálta	14
Rabhaidh agus Comhdhálacha Airíochas an Gharda	15
Páistí a measadh a bhí neamhoiriúnach le cuimsiú sa chlár	17
Na cineálacha cionta ar atreoraíodh páistí ar a son	18
Próifíl aoise na bpáistí a atreoraíodh	25
Oiliúint agus Forbairt	26
Breathnú agus Moltaí	27

## AGUISÍN

Struchtúr Daonacmhainní	28
-------------------------	----



## RÉAMHRÁ



A Choimisinéir, a chara

Cúis áthais is ea í dom Tuarascáil Bhliantúil an Choiste a Ceapadh chun Monatóireacht a Dhéanamh ar Éifeachtacht an Chláir Athstíúrtha a chur i do láthair mar atá leagtha amach i gCuid 4 d'Acht na Leanaí 2001.

Ba é 27,853 líon iomlán na dteagmhas a atreoraíodh chuig an gClár Athstíúrtha i 2007, méadú de 2,773 nó 11% ar 2006. Ba í 21,941 líon iomlán na bpáistí aonair a atreoraíodh chuig an gclár ar mhéadú de 1,925 nó 10% a bhí ann ar iomlán 2006.

Ba iad cionta a bhain le halcól (19.9%), gadaíocht (15.2%) agus cionta tráchta bóthair (15.8%) na trí phríomhchatagóir cionta ar atreoraíodh páistí ar a son.

Tá clár ceartais aisiríche an Gharda ag fabhrú i gcónaí agus d'éascaigh Oifigigh Idirchaidrimh don Óige 378 ócáid de cheartas aisiríoch, méadú de 23% ar fhiigiúr 2006.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis an gcoiste as a gcuid oibre i gcaitheamh na bliana, le Stiúrthóir an Chláir Athstíúrtha agus le foireann na hOifige Náisiúnta d'Ógchiontóirí agus le hOifigigh Idirchaidrimh don Óige ar fud na tíre as a dtiomantas agus a gcuid oibre

Ar deireadh, thar ceann an Choiste is mian liom aiféala agus brón a chur in iúl maidir le bás Martin Tansey i mí an Mhárta 2007. Ball den Choiste Monatóireachta ab ea an tUasal Tansey ón uair a bunaíodh é i 2003 agus fear mór eolais agus saineolais a bhí ann riamh ar cheisteanna a bhain le ceartas óige.

Cathaoirleach.

Louis Harkin, Coimisinéir Cúnta

## Achoimre Feidhmiúcháin

- Ba é 27,853 líon iomlán na dteagmhas a atreoraíodh chuig an gClár Athstíúrtha i 2007.
- Ba é 21,941 líon iomlán na bpáistí aonair a atreoraíodh chuig an gclár.
- Tugadh áit do 16,753 (76%) de pháistí ar an gClár Athstíúrtha.
- Pléadh le cás 12,485 páiste (57%) i bhfoirm rabhadh neamhfhoirmeálta.
- Pléadh le cás 4,268 páiste (19%) i bhfoirm rabhadh foirmeálta.
- Bhí cinneadh ar feitheamh ina gcás ag 790 (4%) de pháistí.
- Níor ghá aon bheart eile i gcás 1,190 (5%) de pháistí.
- Measadh go raibh 3,208 (15%) de pháistí neamhoiriúnach le cuimsiú sa chlár.
- Ní raibh aon athrú suntasach sna cinéalacha cionta ar atreoraíodh páistí ar a son chuig an gclár.
- Ba iad cionta a bhain le halcól (19.9%), cionta tráchtá bóthair (15.8%) agus gadaíocht (15.2%) na trí phríomhchatagóir cionta ar atreoraíodh páistí ar a son.
- Bhí 2,485 atreorú ón gCóras Pionóis Muirear Socraithe.
- Tá clár ceartais aisiríche an Gharda ag fabhrú i gcónaí agus d'éascaigh Oifigigh Idirchaidrimh don Óige 378 teagmhas ceartais aisiríche, méadú de 71 gcás ar 2006.
- Cruthaíodh seacht bpost nua d'Oifigigh Idirchaidrimh don Óige i 2007.
- Cruthaíodh cúrsa oiliúna cuig mhodúl d'OÍÓ nuacheaptha.
- Bhí 94 OÍÓ an Gharda agus 8 Sáirsint OÍÓ ag obair ar an gclár.

## Ballraíocht agus Téarmaí Tagartha an Choiste

Mí na Bealtaine 2002 síníodh Ordú Aireachta a d'fheidhmigh Cuid 4 d'Acht na Leanáí 2001. Baineann an chuid seo den Acht leis an gClár Athstiúrtha amháin. Mí an Mheithimh 2003, ceapadh Coiste de réir Alt 44 den Acht chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an chláir. Is iad téarmaí tagartha an Choiste ná:

The terms of reference of the Committee are to:

- monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha
- gach gné dá oibriú a athbhreithniú
- monatóireacht a dhéanamh ar riachtanais leanúnacha oiliúna na n-éascóirí
- tuarascáil a chur faoi bhráid Choimisinéir an Gharda Síochána gach bliain ar a ghníomhaíochtaí i gcaitheamh na bliana.

I gcoitinne, tuigean an coiste gurb iad a phríomhthascanna ná:

- bainistiú agus seachadadh éifeachtach an Chláir Athstiúrtha a scrúdú
- na cleachtais is fearr i riar an chláir a aithint
- na cleachtais is fearr d'oiliúint éascóirí a mheas agus faireachán a dhéanamh ar sheachadadh na hoiliúna
- modheolaíochtaí a chur i bhfeidhm le críochnúlacht an chláir a mheas agus a thomhas
- comhairle a thabhairt maidir le haon cheisteanna ábhartha
- tuarascáil bhliantúil a ullmhú.

Ballraíocht

Is iad baill reatha an Choiste:

- An Coimisinéir Cúnta Louis Harkin, Cathaoirleach
- An Príomhcheannfort Gabriel Mc Intyre
- Ms. Phil Hanna
- Mr Tim Dalton
- An Cigire Finbarr Murphy (Runaí)

## An Clár Athstiúrtha

Tar éis thabhairt isteach Chuid 4 d'Acht na Leanáí 2001 cuireadh deireadh le Scéim an Oifigigh Idirchaidrimh don Óige agus ina áit ceapadh an Clár Athstiúrtha, a bhfeadfaí cur síos a dhéanamh air mar phacáiste beart chun déileáil le páistí faoin aois 18 a dhéanann cion nó cionta. Choimeád an Clár Athstiúrtha morán de na modhanna trialta agus tástáilte chun déileáil le páistí a dhéanann cionta, agus tugadh roinnt roghanna nua isteach. Ceannfort Garda a bhainistíonn an Clár agus is é an Coimisinéir a cheapann é. Stiúrthóir an Chláir a thugtar air. (Roinn 20)

Caithfidh an Stiúrthóir gach cás a bhreathnú agus cinneadh a dhéanamh maidir le hoiriúnacht nó a mhalairt gach páiste le cuimsiú sa Chlár.

D'fhonn áit a fháil ar an gclár ní mór do pháiste:

- a bheith os cionn aois na freagrachta coiriúla agus faoi 18 mbliain d'aois.
- freagracht a ghlacadh as an gcion/na cionta a rinneadh
- toiliú do rabhadh agus do mhaoirsiú

Má mheastar go bhfuil an páiste oiriúnach le cuimsiú sa chlár, tugtar rabhadh foirmeáilte/neamhfoirmeáilte di/dó. I dtosca áirithe, d'fhéadfaí cuireadh a thabhairt d'íospartach na coire a bheith i láthair nuair a thugtar an rabhadh nó d'fhéadfadh OIÓ comhdháil teaghlaigh a mholadh maidir leis an bpáiste.

Cuirtear páiste a fhaigheann rabhadh foirmeálta faoi mhaoirsiú an Gharda go ceann tréimhse 12 mhí. Féadann an Stiúrthóir an tréimhse mhaoirseachta seo a éagsúlú i gcásanna áirithe. Garda nach ísle céime ná Cigire nó OIÓ a fuair oiliúint idirghabhála is ea a thabharfaidh an rabhadh. Tugann OIÓ rabhadh neamhfoirmeálta agus ní chuirtear an leanbh faoi mhaoirsiú de ghnáth. I ndáiríre, próisis fhoirmeálta is ea an dá rabhadh a bhfuil tréimhse maoirsithe ag gabháil le ceann amháin acu.



## Atreoruithe chuig an gClár Athstiúrtha


Ba é 27,853 líon na n-atreoruithe i 2007. Méadú de 2,773 (11.06%) ab ea sin ar fhiigiúr de 25,080 atreorú a fuarthas i 2006.

**Tábla 1: 2007 Atreoruithe de réir Réigiúin agus Roinne**

	IOMLÁN	NEAMHOIRI UNACH	FOIRMEÁ LTA	NEAMHF HOIRMEÁ LTA	NGANAON BHEART EILE	AR FEITHEAMH
<b>RÉIGIÚN AN OIRTHIR</b>						
CEATHARLACH/CILL DARA	1343	296	266	672	59	50
LAOIS/ÚIBH FHAILÍ	707	119	151	360	24	53
AN LONGFORT /AN IARMHÍ	691	180	137	304	24	46
LÚ/AN MHÍ	1582	383	339	724	82	54
<b>IOMLÁN RÉIGIÚN AN OIRTHIR</b>	<b>4323</b>	<b>978</b>	<b>893</b>	<b>2060</b>	<b>189</b>	<b>203</b>
<b>RÉIGIÚN CATHRACH BAC</b>						
THOIR	1279	297	201	693	40	48
LÁR THUAIDH	685	276	82	254	32	41
THUAIDH	2141	405	427	1123	65	121
LÁR THEAS	427	155	59	182	16	15
THEAS	2134	729	222	1040	105	38
THIAR	2296	665	338	1074	146	73
<b>IOMLÁN RÉIGIÚN CATHRACHBAC</b>	<b>8962</b>	<b>2527</b>	<b>1329</b>	<b>4366</b>	<b>404</b>	<b>336</b>
<b>RÉIGIÚN AN TUAISCIRT</b>						
AN CABHÁN/MUINEACHÁN	825	140	178	398	45	64
DÚN NA NGALL	1212	187	278	656	52	39
SLIGEACH/LIATROIM	528	102	115	265	27	19
<b>IOMLÁN RÉIGIÚN AN TUAISCIRT</b>	<b>2565</b>	<b>429</b>	<b>571</b>	<b>1319</b>	<b>124</b>	<b>122</b>
<b>RÉIGIÚN AN OIRDHEISCIRT</b>						
TIOBRAID ÁRANN	774	189	139	392	27	27
PORT LÁIRGE/CHILL CHAINNIGH	1587	283	340	836	73	55
LOCH GARMAN/CILL MHANTÁIN	1045	151	242	554	44	54
<b>IOMLÁN RÉIGIÚN AN OIRDHEISCIRT</b>	<b>3406</b>	<b>623</b>	<b>721</b>	<b>1782</b>	<b>144</b>	<b>136</b>
<b>RÉIGIÚN AN DEISCIRT</b>						
CATHAIR CHORCAÍ	1713	492	284	848	81	8
CORCAIGH THUAIDH	1066	217	213	542	56	38
CORCAIGH THIAR	633	96	68	424	27	18
CIARRAÍ	810	144	168	345	54	99
LUIMNEACH	1501	556	437	477	20	11
<b>IOMLÁN RÉIGIÚN AN DEISCIRT</b>	<b>5723</b>	<b>1505</b>	<b>1170</b>	<b>2636</b>	<b>238</b>	<b>174</b>
<b>RÉIGIÚN AN IARTHAIR</b>						
AN CLÁR	625	142	132	281	36	34
GAILLIMH THIAR	945	149	207	488	61	40
MAIGH EO	631	110	143	335	26	17
ROS COMÁIN/GAILLIMH THOIR	587	82	114	341	29	21
<b>IOMLÁN RÉIGIÚN AN IARTHAIR</b>	<b>2788</b>	<b>483</b>	<b>596</b>	<b>1445</b>	<b>152</b>	<b>112</b>
<b>LASMUIGH DEN DLÍNSE</b>	<b>86</b>	<b>7</b>	<b>11</b>	<b>43</b>	<b>24</b>	<b>1</b>
<b>IOMLÁN</b>	<b>27853</b>	<b>6552</b>	<b>5291</b>	<b>13651</b>	<b>1275</b>	<b>1084</b>


## Fíor 1

### Líon na gcásanna a atreoraíodh 2003 - 2007



## Fíor 2

### Cinntí cáis mar chéatadáin d'iomlán na n-atreoruithe 2005 -2007



## Páistí a Atreoraíodh chuig an gClár Athstiúrtha


Ba é 21,941 líon na n-atreoruithe i 2007. Méadú de 1,925 (9.6%) ab ea sin ar iomlán 2006 de 20,016.

**Tábla 2: Uimhir na bpáistí a atreoraíodh de réir réigiúin agus roinne 2007**

	IOMLÁN	NEAMHOIRI- UNACH	FOIRMEÁ- LTA	NEAMHF- HOIRMEÁ LTA	NGANAON BHEART EILE	AR FEITHEAMH
<b>RÉIGIÚN AN OIRTHIR</b>						
CEATHARLACH/CILL DARA	1091	147	217	629	56	42
LAOIS/ÚIBH FHAILÍ	574	78	128	320	23	25
AN LONGFORT /AN IARMHÍ	531	91	102	275	24	39
LÚ/AN MHÍ	1247	179	261	682	78	47
<b>IOMLÁN RÉIGIÚN AN OIRTHIR</b>	<b>3443</b>	<b>495</b>	<b>708</b>	<b>1906</b>	<b>181</b>	<b>153</b>
<b>RÉIGIÚN CATHRACH BAC</b>						
THOIR	1045	139	178	650	40	38
LÁR THUAIDH	486	124	68	235	28	31
THUAIDH	1757	214	358	1032	63	90
LÁR THEAS	319	72	49	169	16	13
THEAS	1633	375	191	930	103	34
THIAR	1865	392	287	998	131	57
<b>IOMLÁN RÉIGIÚN CATHRACHBAC</b>	<b>7105</b>	<b>1316</b>	<b>1131</b>	<b>4014</b>	<b>381</b>	<b>263</b>
<b>RÉIGIÚN AN TUAISCIRT</b>						
AN CABHÁN/MUINEACHÁN	595	56	141	318	41	39
DÚN NA NGALL	995	95	211	604	52	33
SLIGEACH/LIATROIM	408	32	91	244	27	14
<b>IOMLÁN RÉIGIÚN AN TUAISCIRT</b>	<b>1998</b>	<b>183</b>	<b>443</b>	<b>1166</b>	<b>120</b>	<b>86</b>
<b>RÉIGIÚN AN OIRDHEISCIRT</b>						
TIOBRAID ÁRANN	601	86	108	365	24	18
PORT LÁIRGE/CHILL CHAINNIGH	1282	135	283	749	69	46
LOCH GARMAN/CILL MHANTÁIN	836	67	186	507	34	42
<b>IOMLÁN RÉIGIÚN AN OIRDHEISCIRT</b>	<b>2719</b>	<b>288</b>	<b>577</b>	<b>1621</b>	<b>127</b>	<b>106</b>
<b>RÉIGIÚN AN DEISCIRT</b>						
CATHAIR CHORCAÍ	1343	250	228	777	80	8
CORCAIGH THUAIDH	814	114	167	475	51	7
CORCAIGH THIAR	520	38	60	390	26	6
CIARRAÍ	592	51	121	312	51	57
LUIMNEACH	1091	247	358	456	20	10
<b>IOMLÁN RÉIGIÚN AN DEISCIRT</b>	<b>4360</b>	<b>700</b>	<b>934</b>	<b>2410</b>	<b>228</b>	<b>88</b>
<b>RÉIGIÚN AN IARTHAIR</b>						
AN CLÁR	492	60	107	267	27	31
GAILLIMH THIAR	763	70	155	460	48	30
MAIGH EO	521	56	110	314	26	15
ROS COMÁIN/GAILLIMH THOIR	460	35	92	288	28	17
<b>IOMLÁN RÉIGIÚN AN IARTHAIR</b>	<b>2236</b>	<b>221</b>	<b>464</b>	<b>1329</b>	<b>129</b>	<b>93</b>
<b>LASMUIGH DEN DLÍNSE</b>	<b>80</b>	<b>5</b>	<b>11</b>	<b>39</b>	<b>24</b>	<b>1</b>
<b>IOMLÁN</b>	<b>21941</b>	<b>3208</b>	<b>4268</b>	<b>12485</b>	<b>1190</b>	<b>790</b>


### Fíor 3

#### Líon na bpáistí a atreoraíodh 2003 - 2007



### Fíor 4

#### Cinntí cáis mar chéatadán de líon foriomlán na bpáistí a atreoraíodh



## Páistí a Atreoraíodh i 2007 de réir Inscne, Réigiúin agus Roinne

Tábla 3:


	IOMLÁN	NEAMHOIRI- ÚNACH		FOIRMEÁ- LTA		NEAMHF- HOIRMEÁLTA		NGAN AON BHEART EILE		AR FEITHEAMH	
		F	B	F	B	F	B	F	B	F	B
<b>RÉIGIÚN AN OIRTHIR</b>											
CEATHARLACH/CILL DARA	1091	128	19	191	26	474	155	46	10	39	3
LAOIS/ÚIBH FHAILÍ	574	69	9	107	21	270	50	18	5	22	3
AN LONGFORT /AN IARMHÍ	531	73	18	78	24	220	55	17	7	34	5
LÚ/AN MHÍ	1247	173	6	241	20	555	127	60	18	44	3
<b>IOMLÁN RÉIGIÚN AN OIRTHIR</b>	<b>3443</b>	<b>443</b>	<b>52</b>	<b>617</b>	<b>91</b>	<b>1519</b>	<b>387</b>	<b>141</b>	<b>40</b>	<b>139</b>	<b>14</b>
<b>RÉIGIÚN CATHRACH BAC</b>											
THOIR	1045	116	23	158	20	530	120	36	4	32	6
LÁR THUAIDH	486	105	19	61	7	166	69	21	7	27	4
THUAIDH	1757	190	24	303	55	782	250	50	13	79	11
LÁR THEAS	319	69	3	39	10	133	36	11	5	12	1
THEAS	1633	302	73	167	24	703	227	80	23	29	5
THIAR	1865	341	51	251	36	761	237	102	29	49	8
<b>IOMLÁN RÉIGIÚN CATHRACHBAC</b>	<b>7105</b>	<b>1123</b>	<b>193</b>	<b>979</b>	<b>152</b>	<b>3075</b>	<b>939</b>	<b>300</b>	<b>81</b>	<b>228</b>	<b>35</b>
<b>RÉIGIÚN AN TUAISCIRT</b>											
AN CABHÁN/MUINEACHÁN	595	48	8	126	15	248	70	39	2	36	3
DÚN NA NGALL	995	81	14	191	20	507	97	45	7	29	4
SLIGEACH/LIATROIM	408	25	7	75	16	204	40	15	12	13	1
<b>IOMLÁN RÉIGIÚN AN TUAISCIR</b>	<b>1998</b>	<b>154</b>	<b>29</b>	<b>392</b>	<b>51</b>	<b>959</b>	<b>207</b>	<b>99</b>	<b>21</b>	<b>78</b>	<b>8</b>
<b>RÉIGIÚN AN OIRDHEISCIRT</b>											
TIOBRAID ÁRANN	601	81	5	94	14	278	87	22	2	15	3
PORT LÁIRGE/CILL CHAINNIGH	1282	98	37	229	54	553	196	57	12	36	10
LOCH GARMAN/CILL MHANTÁIN	836	67	0	156	30	425	82	31	3	38	4
<b>IOMLÁN RÉIGIÚN AN OIRDHEISCIRT</b>	<b>2719</b>	<b>246</b>	<b>42</b>	<b>479</b>	<b>98</b>	<b>1256</b>	<b>365</b>	<b>110</b>	<b>17</b>	<b>89</b>	<b>17</b>
<b>RÉIGIÚN AN DEISCIRT</b>											
CATHAIR CHORCAÍ	1343	219	31	196	32	598	179	45	35	7	1
CORCAIGH THUAIDH	814	99	15	132	35	365	110	44	7	6	1
CORCAIGH THIAR	520	34	4	51	9	303	87	21	5	6	0
CIARRAÍ	592	45	6	105	16	243	69	44	7	53	4
LUIMNEACH	1091	211	36	316	42	338	118	14	6	7	3
<b>IOMLÁN RÉIGIÚN AN DEISCIRT</b>	<b>4360</b>	<b>608</b>	<b>92</b>	<b>800</b>	<b>134</b>	<b>1847</b>	<b>563</b>	<b>168</b>	<b>60</b>	<b>79</b>	<b>9</b>
<b>RÉIGIÚN AN IARTHAIR</b>											
AN CLÁR	492	50	10	90	17	206	61	18	9	25	6
GAILLIMH THIAR	763	60	10	135	20	353	107	37	11	27	3
MAIGH EO	521	51	5	91	19	241	73	17	9	15	0
ROS COMÁIN/GAILLIMH THOIR	460	30	5	78	14	238	50	23	5	14	3
<b>IOMLÁN RÉIGIÚN AN IARTHAIR</b>	<b>2236</b>	<b>191</b>	<b>30</b>	<b>394</b>	<b>70</b>	<b>1038</b>	<b>291</b>	<b>95</b>	<b>34</b>	<b>81</b>	<b>12</b>
<b>IOMLÁN RÉIGIÚN AN IARTHAIR</b>	<b>80</b>	<b>4</b>	<b>1</b>	<b>10</b>	<b>1</b>	<b>36</b>	<b>3</b>	<b>24</b>	<b>0</b>	<b>1</b>	<b>0</b>
<b>IOMLÁN</b>	<b>21941</b>	<b>2769</b>	<b>439</b>	<b>3671</b>	<b>597</b>	<b>9730</b>	<b>2755</b>	<b>937</b>	<b>253</b>	<b>695</b>	<b>95</b>

## Rabhaidh Fhoirmeálta agus Neamhfhoirmeálta


Mar a léirítear i dTábla 2, ba é 16,753 líon iomlán na bpáistí a fuair rabhadh go foirmeálta nó go neamhfhoirmeálta sa bhliain 2007. B'ionann sin agus 76.35% den líon iomlán páistí a atreoraíodh. Fuair 12,485 (56.9%) de pháistí rabhadh neamhfhoirmeálta agus fuair 4268 (19.45%) de pháistí rabhadh foirmeálta. Tá na figiúir seo inchurtha le 56.5% agus 19% faoi seach le haghaidh 2006.

Taispeánann Fíor 5 líon na bpáistí a fuair rabhadh le haghaidh gach ceann de na cúig bliana deireanacha agus taispeánann Fíor 6 céatadán na bpáistí atreoraithe a measadh a bhí oiriúnach le cuimsiú sa chlár.

**Fíor 5: Líon na bpáistí a fuair rabhadh 2003 - 2007**



**Fíor 6: Céatadán na bpáistí a measadh a bhí oiriúnach le cuimsiú 2003 - 2007**



## Rabhaidh agus Comhdhálacha Aisig an Gharda

Foráltar le haghaidh íospartacha a bheith i lathair ag rabhadh foirmeálta nó ag comhdháil teaghlaigh in Acht na Leanaí 2001 (ailt 26 agus 29 faoi seach) agus is anseo a thugtar isteach coincheap an cheartais aisiríche.

Is é ‘ceartas aisiríoch’ an téarma a úsáidtear chun cur síos ar an bpróiseas faoin dtugtar deis d’íospartach an chiona castáil leis an gciontóir nó a t(h)uairimí a chur i lathair an chiontóra. Tá súil go dtuigfí an ciontóir nár chion in aghaidh an dlí amháin atá déanta ach cion in aghaidh duine nó in aghaidh pobail. Ba cheart a thabhairt ar aird go mbaineann ceartas aisiríoch le rabhadh foirmeálta de réir ailt 26 agus 29 den Acht.

Le cois ceangal a dhéanamh idir an dochar agus duine, tugtar dúshlán an iompair agus tugtar deis don gciontóir ní amháin leithscéal a dhéanamh ach beart a dhéanamh chun an dochar a leigheas. Féadfaidh an gníomh ‘aisiríche’ seo a bheith i bhfoirm earraí goidte a chur ar ais, cailteanas a chúiteamh, dochar a dheisiú nó coinníollacha a aontú d’iompar feasta ceaptha chun an t-íospartach a chur ar a s(h)uaimhneas nach dtarlóidh a leithéid arís.

Nuair a thugtar cuireadh don íospartach a bheith i lathair ag rabhadh foirmeálta do pháiste rabhadh aisiríoch is ea a thugtar air. I gcásanna áirithe d’fhéadfadh sé gurbh fhearr le híospartaigh a dtuairimí a chur in iúl i litir, i gclosán nó ar fhístéip nó go gcuirfeadh cara, tacóir nó duine eile a dtuairimí in iúl.

Nuair a thugtar cuireadh don íospartach a bheith i lathair ag comhdháil teaghlaigh i dtaca le páiste, Comhdháil Aisiríoch is ea a thugtar air. Is ionann an chomhdháil aisiríoch agus an rabhadh aisiríoch ar go leor bealaí. Tugtar guth don íospartach agus cuirtear dreach daonna ar an iompraíocht mhaslach. Ní hionann iad sa mhéid is go ndéantar iarracht níos mó sa chomhdháil raon leathan saineolais a úsáid le dúshlán iompraíocht an pháiste a thabhairt agus le tacú le haon athrú a thitfeadh amach mar thoradh ar an gcomhdháil. Mar shampla, d’fhéadfadh ní amháin an t-íospartach agus lucht tacaíochta an íospartaigh a bheith i lathair ag an gcomhdháil ach freisin múinteoir scoile, oibrí sóisialta, mórtheaghlach an pháiste, nó aon duine eile a d’fhéadfadh tionchar chun na maitheasa a imirt ar a (h)iompraíocht feasta.

Tugtar imeachtaí aisiríoch ar rabhaidh aisiríocha agus comhdhálacha aisiríocha i dteannta a chéile. Eagraíodh 378 ócáid aisiríoch san iomlán i 2007, arb ionann é agus méadú de 71 ar iomlán 2007. Bhí na hócáidí sin comhdhéanta de 373 rabhadh aisiríocha agus 5 comhdháil aisiríocha a raibh 538 páiste bainteach leo. Léiríú is ea an méadú seo go bhfuil prionsabail an cheartais aisiríche á gcur chun feidhme níos minice ag Oifigigh Idirchaidrimh don Óige mar bhealach chun cásanna a atreoraítear chuig an gClár Athstíúrtha a phróiseáil. Taispeánann Tábla 4 líon na dteagmhais ar bhonn réigiúnach agus ar bhonn rannach.

Ar an cineálacha cionta bhí robáil, ionsaithe, cionta um thrácht ar bhóithre, sáruithe den ord poiblí, ionsaithe, robáil, gadaíocht agus damáiste coiriúil.

Tá an Coiste sásta go bhfuil dul chun cinn maith á dhéanamh maidir le gné an cheartais aisiríche de réir Chuid 4 den Acht.

## Imeachtaí Ceartais Aisiríche 2007 de réir Réigiúin agus Roinne

Tábla 4

	2004	2005	2006	2007
<b>RÉIGIÚN AN OIRTHIR</b>				
CEATHARLACH/CILL DARA	3	7	11	8
LAOIS/ÚIBH FHAILÍ	4	6	8	10
AN LONGFORT/AN IARMHÍ	4	6	4	7
LÚ/AN MHÍ	1	10	14	14
<b>RÉIGIÚN AN OIRTHIR INA IOMLÁINE</b>	<b>12</b>	<b>29</b>	<b>37</b>	<b>39</b>
<b>RÉIGIÚN CATHRACH BAC</b>				
BÁC THOIR	8	26	33	34
BÁC LÁR THUaidH	0	6	4	8
BÁC THUaidH	7	12	12	52
BÁC LÁR THEAS	1	9	11	12
BÁC THEAS	12	21	17	18
BÁC THiar	0	24	23	16
<b>RÉIGIÚN BAC INA IOMLÁINE</b>	<b>28</b>	<b>98</b>	<b>100</b>	<b>140</b>
<b>RÉIGIÚN AN TUaiscirt</b>				
AN CABHÁN/MUINEACHÁN	1	1	6	9
DÚN NA NGALL	3	6	3	6
SLIGEACH/LIATROIM	3	4	0	3
<b>RÉIGIÚN AN TUaiscirt INA IOMLÁINE</b>	<b>7</b>	<b>11</b>	<b>9</b>	<b>18</b>
<b>RÉIGIÚN AN OIRDHEISCIRT</b>				
TIOBRAD ÁRAINN	4	3	4	3
PORT LÁIRGE/CILL CHAINNIGH	11	14	10	18
LOCH GARMAN/CILL MHANTÁIN	5	6	8	16
<b>RÉIGIÚN AN OIRDHEISCIRT INA IOMLÁINE</b>	<b>20</b>	<b>23</b>	<b>22</b>	<b>37</b>
<b>RÉIGIÚN AN DEISCIRT</b>				
CATHAIR CHORCAÍ	11	20	39	47
CORCAIGH THUaidH	2	13	12	17
CORCAIGH THiar	13	29	42	26
CIARRAÍ	0	4	8	6
LUIMNEACH	0	13	11	9
<b>RÉIGIÚN AN DEISCIRT INA IOMLÁINE</b>	<b>26</b>	<b>79</b>	<b>112</b>	<b>105</b>
<b>RÉIGIÚN AN IARTHAIR</b>				
AN CLÁR	0	0	1	0
GAILLIMH THiar	5	5	4	12
MAIGH EO	11	8	10	10
ROS COMÁIN/GAILLIMH THOIR	9	9	12	17
<b>RÉIGIÚN AN IARTHAIR INA IOMLÁINE</b>	<b>25</b>	<b>22</b>	<b>27</b>	<b>39</b>
<b>IOMLÁIN</b>	<b>118</b>	<b>262</b>	<b>307</b>	<b>378</b>

Ar na himeachtaí tá rabhaidh agus comhdhálacha faoi ailt 26 agus 29 d'Acht na Leanáí



## Páistí a measadh a bhí neamhoiriúnach le cuimsiú sa chlár

Measadh go raibh 3,208 páiste nach raibh oiriúnach le cuimsiú sa chlár Athstúirtha.


Tuairiscítear cás mar neamhoiriúnach más amhlaidh:

- nach nglacann an páiste freagracht ar son an iompair
- ní bheadh sé chun leas na sochaí rabhadh a thabhairt don pháiste
- tá an páiste ag déanamh cionta an t-am ar fad

Cuirtear na cásanna seo ar ais chuig bainistíocht áitiúil an Gharda a shocraíonn, tar éis dul i gcomhar le Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí, más cuí, an dtionscnófar ionchúiseamh.


### Fíor 7

#### Líon na bpáistí a measadh a bhí neamhoiriúnach le cuimsiú 2003 - 2007



### Fíor 8

#### Céatadán na bpáistí a measadh a bhí neamhoiriúnach le cuimsiú 2003 - 2007




## Na cineálacha cionta ar atreoraíodh páistí ar a son

Ní raibh aon athrú suntasach sna cineálacha cionta ar atreoraíodh páistí ar a son. Is iad cionta a bhaineann le halcól (19.7%), cionta tráchta bóthair (15.7%) agus gadaíocht (15.1%) na trí chion is coitianta. Níor tháinig aon athrú ar an leibhéal ciontaithe i ngach ceann de na trí chatagóir seo i gcomparáid le figiúirí 2006.

### Fíor 9

#### Na príomhchionta ar atreoraíodh ógchiontóirí ina leith 2007



Tá an 16% 'eile' sa phíchart thuas comhdhéanta d'iomlána na gcionta eile ar fad, nár bh ionann aon cheann díobh agus breis is 4% den bhforiomlán. Tá an cineál cionta agus an céatadán le fáil i dTábla 5.

Taispeánann an dá thábla seo a leanas an catagóir ciona ar atreoraíodh páistí ina leith. Taispeánann Tábla 5 na príomhchatagóirí ciona agus tugann Tábla 6 miondealú eile i gcás catagóirí roghnaithe.

**Tábla 5**

	Líon	Céatadán
Gadaíocht	4240	15.2%
Cionta a bhain le calaois (féach Tábla 6 E)	258	0.9%
Seilbh earraí le hintinn	35	0.1%
Robáil (lena n-áirítear airgead a éileamh le bagairt)	272	1.0%
Buirgléireacht	1169	4.2%
Trombhuirgléireacht	10	–
Maoin ghoidte a láimhseáil	252	0.9%
Damáiste coiriúil	2833	10.2%
Coirloscadh	121	0.4%
Tógáil/iompar/cur isteach neamhúdaraithe ar mhótarfheithicil	937	3.4%
Cionta tráchta (féach Tábla 6A)	4390	15.8%
Cionta a bhain le halcól (féach Tábla 6B)	5536	19.9%
Ord poiblí (féach Tábla 6C)	2330	8.4%
Drugáí (Seilbh)	972	3.5%
Drugáí (Díol/Soláthar)	138	0.5%
Airm ionsaitheach srl. i seilbh	432	1.6%
Cionta a bhain le harm tine	64	0.2%
Mionionsaí	1234	4.4%
Ionsaí ar Gharda	50	0.2%
Ionsaí tromchúiseach (féach Tábla 6D)	477	1.7%
Déircíocht	43	0.2%
Cionta gnéasacha (féach Tábla 6F)	87	0.3%
Cionta trádála ócáideacha	79	0.3%
Foghail/duine a fuarthar ar áitreabh iniata	1381	5.0%
Achtanna Iarnróid (líne foghail, caitheamh clocha, neamhíoc táille)	37	0.1%
Bailiúcháin sráide agus ó theach go teach	50	0.2%
Mioscais phoiblí (glaonna gutháin bréaga san áireamh)	92	0.3%
Príosúnú mídhleathach	3	–
Cionta in aghaidh ainmhithe	4	–
Llghnéitheach	327	1.2%
	<b>27853</b>	<b>100.0%</b>

Tábla 6

<b>(A) Cionta tráchta eile</b>	
Cionta árachais	819
Tiomáint bhaolach	296
Tiomáint slamchúiseach	231
Cionta rothair	9
Fón póca sa lámh ag an tiománaí	133
Cionta tiomána faoi thionchar alcóil	123
Gan cheadúnas tiomána	248
Timpiste buail agus rith	28
Gan chlogad/chrios sábhála	440
Ró-luas	847
Gan cháin bóthair	587
Tiomáint bhaolach faoi ndear bháis	1
Llghnéitheach	628
<b>Iomlán</b>	<b>4390</b>
<b>(B) Cionta a bhain le halcól</b>	
Ceannach/seilbh/ól alcóil	2107
Meisce in áit phoiblí	3360
Ar meisce agus clamprach/baol don trácht	3
Meisciúlacht shimplí	0
Duine a fuarthas ar áitreabh ceadúnaithe	66
Llghnéitheach	0
<b>Iomlán</b>	<b>5536</b>
<b>(C) Cionta oird phoiblí</b>	
Gráscar	27
Círrib	0
Mún poiblí	17
Clampar in áit phoiblí	118
Iompraíocht bhagrach srl.	1481
Gan ghéilleadh do threoir ó Gharda/Bac	463
Toirmeasc toiliúil	21
Mí-ord foréigneach	20
Eile	183
<b>Iomlán</b>	<b>2330</b>


**Tábla 6 (ar leanúint)**

<b>(D) Ionsaí tromchúiseach</b>	
Dúnmharú	2
Ionsaí faoi ndear tromghortú	18
Ionsaí faoi ndear dochair do chorp	457
Ionsaí le hintinn	0
<b>Iomlán</b>	<b>477</b>
<b>(E) Cionta a bhain le calaois</b>	
Brionnú/rith/calaois	25
Cluain Calaoise	233
Claonchasadh	0
<b>Iomlán</b>	<b>258</b>
<b>(F) Cionta gnéasacha</b>	
Tromionsaí gnéasach	2
Ionsaí Gnéasach	55
Mígheanúlacht	9
Éigniú/eolas corportha mídhleathach (agus iarracht san áireamh)	17
Moilleadóireacht chun críche striapachais	0
Sireadh chun críche striapachais	0
Eile	4
<b>Iomlán</b>	<b>87</b>

Taispeánann na figiúirí seo a leanas líon na n-atreoruithe a fuarthas le cúig bliana anuas le haghaidh gadaíochta, damáiste coiriúil, buirgléireachta, mí-ord poiblí, cionta feithicle agus cionta a bhain le halcól.


## Fíor 10

### Atreoruithe le haghaidh gadaíochta 2003 - 2007




## Fíor 11

### Atreoruithe le haghaidh damáiste coiriúil 2003 - 2007




## Fíor 12

### Atreoruithe le haghaidh buirgléireachta 2003 - 2007




## Fíor 13

### Atreoruithe le haghaidh mí-ord poiblí 2003 - 2007




## Fíor 14

### Atreoruithe le haghaidh cionta feithicle 2003 - 2007



## Fíor 15

### Atreoruithe le haghaidh cionta alcóil 2003 - 2007






## Próifíl Aoise na bPáistí a Atreoraíodh chuig an gClár Athstiúrtha

Tugann an chairt thíos srac-rianadh ar phróifíl aoise na bpáiste a atreoraíodh chuig an gClár Athstiúrtha. Díobh siúd a atreoraíodh is iad seo a leanas na céatadáin de pháistí i ngach catagóir aoise.

- Bhí 35% os cionn 17 bliana
- Bhí 22% os cionn 16 bliana
- Bhí 19% os cionn 15 bliana
- Bhí 13% os cionn 14 bliana
- Bhí 7% os cionn 13 bliana
- Bhí 3% os cionn 12 bliana
- > Bhí 0.33% faoi bhun aois a 12 bhliain

### Fíor 16

#### Próifíl aoise na bpáistí a atreoraíodh



## Oiliúint agus Forbairt

### Oiliúint

Mí Dheireadh Fómhair 2007 thug Oifig Náisiúnta na nÓgchiontóirí clár oiliúna nua isteach d'Oifigigh Idirchaidrimh don Óige. Ba é grúpa oibre comhdhéanta d'Oifigigh Idirchaidrimh don Óige, foireann na hOifige agus foireann Choláiste an Gharda a cheap an clár.

Tá an clár comhdhéanta de chúig mhodúl a sheachadtar thar thréimhse ocht mí dhéag.

1. Buneolas ar obair an OIÓ agus ceapadh meantóra. Cuairteanna taithíocha ar Oifig Náisiúnta na nÓgchiontóirí agus cur i láthair an phaca traenála agus an ábhair léitheoireachta.
2. Clár oiliúna seachtaine lena n-áireofar cur i láthair agus plé maidir le hAcht na Leanáí 2001, Ciontú i gcás Daoine Óga, Ciontú Gnéasach, Scileanna Cumarsáide, Nósanna Imeachta an Gharda, Eitic agus na Cleachtais is Fearr i gCeartas Óige.
3. Oiliúint i gCeartas Aisiríocht; oiliúint trí lá i samhail 'Fíorcheartais' an rabhaidh agus i bprionsabail an Cheartais Aisiríche.
4. Ochtó n-uair an chloig d'oiliúint idirghabhála seachadta thar thréimhse ceithre mhí. Deimhníonn an Mediation Institute of Ireland an oiliúint.
5. Modúl dul siar a chlúdaíonn gach gné den fhoghlaim go dtí seo.

Is eol don Choiste go bhfuil iarrachtaí ar bun i gcónaí ag an Oifig Náisiúnta d'Ógchiontóirí cáilíocht tríú leibhéal a cheapadh d'Oifigigh Idirchaidrimh don Óige. Tacaíonn an Coiste go hiomlán le hiarrachtaí na hOifige Náisiúnta d'Ógchiontóirí sa mhéid seo.

## Breathnú agus Moltaí

Tá an coiste sásta

- leis an gcinnireacht a léirítear agus leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag Stiúrthóir an Chláir agus ag foireann Oifig Náisiúnta na nÓgchiontóirí maidir le forbairt an Chláir Athstíúrtha mar atá leagtha amach san Acht
- ó eolas ag teacht go dtí an Coiste go bhfuil Oifigigh Idirchaidrimh don Óige ag oibriú Cuid 4 d'Acht na Leanaí, go háirithe na coincheapanna de cheartas aisiríoch, agus go bhfuil siad ag baint buntáiste as an deis a scileanna a mhéadú trí bhíthin oiliúint bhreise.

Molann an Coiste

- go leanfadh Oifig Náisiúnta na nÓgchiontóirí lena hiarrachtaí cáilíocht oiriúnach tríú leibhéal a bhaint amach d'Oifigigh Idirchaidrimh don Óige
- go gcoimeádfái líon na nOifigeach Idirchaidrimh don Óige i ngach Roinn den Garda Síochána faoi athbhreithniú agus
- go gcuirfí doiciméad cuimsitheach beartais ar fáil i dtaca le gach cuid de chuid 4 d'Acht na Leanaí 2001.

# Aguisíní – Struchtúr Acmhainní Daonna

